**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1039 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Meitheamh 2022**

**lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le fabhair taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na bliana 2023**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na bhFabhar Ginearálaithe, de réir bhrí Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, maidir le fabhair taraife i dtaca le socrú ginearálta na scéime ginearálaithe um fhabhair ghinearálaithe (GSP), cuirfear ar fionraí iad i leith táirgí ó roinn GSP de thionscnamh tíre is tairbhí GSP nuair a sháraíonn meánluach allmhairithe an Aontais de tháirgí den sórt sin ón tír is tairbhí GSP sin thar thrí bliana as a chéile na tairseacha atá liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 agus bunaithe ar staidreamh trádála a bhaineann leis na blianta féilire 2015-2017, leagadh síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/249 ón gCoimisiún ([2]) an liosta de ranna táirgí ar cuireadh na fabhair taraife dóibh ar fionraí ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022.

(3) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, déanfaidh an Coimisiún an liosta sin a athbhreithniú, gach trí bliana, agus glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun na fabhair taraife a chur ar fionraí nó a athbhunú.

(4) Ós rud é go bhfuil Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 le dul in éag an 31 Nollaig 2023, ba cheart feidhm a bheith ag an liosta athbhreithnithe ar feadh bliana amháin ón 1 Eanáir 2023. Tá an liosta bunaithe ar staidreamh trádála a bhaineann leis na blianta féilire 2018-2020 mar a bhí ar fáil an 1 Meán Fómhair 2021 agus cuirtear san áireamh ann allmhairí ó thíortha is tairbhithe GSP atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 de réir mar is infheidhme ar an dáta sin. Mar sin féin, ní chuirtear san áireamh luach na n-allmhairithe ó thairbhithe GSP nach mbainfidh tairbhe, ón 1 Eanáir 2023, as na fabhair taraife faoi phointe (b) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na fabhair taraife dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ar fionraí i leith na dtíortha is tairbhithe GSP lena mbaineann, don liosta táirgí ó na ranna GSP a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 303, 31.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/249 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2019 lena gcuirtear na fabhair taraife le haghaidh tíortha is tairbhithe GSP áirithe ar fionraí i leith ranna GSP áirithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim fabhar taraife ginearálaithe (IO L 42, 13.2.2019, lch. 6).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Liosta na ranna GSP ar ina dtaobh atá na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 curtha ar fionraí i leith tír is tairbhí de GSP lena mbaineann:

*Colún A*: ainm na tíre
*Colún B*: Roinn GSP (Airteagal 2(j) den Rialachán GSP)
*Colún C*: tuairisc

| A | B | C |
|---|---|---|
| An India | S-6a | Ceimiceáin neamhorgánacha agus orgánacha |
| | S-7a | Plaistigh agus earraí díobh |
| | S-8b | Earraí leathair; Seithí fionnaidh agus fionnadh saorga |
| | S-11a | Teicstílí |
| | S-13 | Earraí cloiche, plástair, stroighne, aispeiste, míoca nó ábhair chomhchosúla; táirgí ceirmeacha; gloine agus earraí gloine |
| | S-14 | Péarlaí agus miotail lómhara |
| | S-15a | Iarann, cruach agus earraí iarainn agus cruach |
| | S-15b | Miotail neamhlómhara (seachas iarann agus cruach), earraí de mhiotail neamhlómhara (seachas iarann agus cruach) |
| | S-16 | Innealra agus fearais mheicniúla; Innealra agus trealamh leictreach agus páirteanna de |
| | S-17a | Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc |
| An Indinéis | S-1a | Ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe seachas éisc |
| | S-3 | Olaí, saillte agus céaracha ainmhíocha nó plandúla |
| | S-5 | Táirgí mianracha |
| | S-9a | Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual |
| An Chéinia | S-2a | Plandaí beo agus táirgí bláthanna |